‘Filíocht Ghearóid Mhic Lochlainn’ [The poetry of Gearóid Mac Lochlainn]

de Brún, F. (2010). ‘Filíocht Ghearóid Mhic Lochlainn’ [The poetry of Gearóid Mac Lochlainn]. In R. Ní Fhrighil (Ed.), *Filíocht Ghaeilge an Lae Inniu [Contemporary poetry in Irish]* (pp. 271-288). Cois Life.

Link to publication record in Ulster University Research Portal

Published in:
Filíocht Ghaeilge an Lae Inniu [Contemporary poetry in Irish]

Publication Status:
Published (in print/issue): 24/01/2010

Document Version
Author Accepted version

General rights
Copyright for the publications made accessible via Ulster University's Research Portal is retained by the author(s) and / or other copyright owners and it is a condition of accessing these publications that users recognise and abide by the legal requirements associated with these rights.

Take down policy
The Research Portal is Ulster University's institutional repository that provides access to Ulster's research outputs. Every effort has been made to ensure that content in the Research Portal does not infringe any person's rights, or applicable UK laws. If you discover content in the Research Portal that you believe breaches copyright or violates any law, please contact pure-support@ulster.ac.uk.

Download date: 23/06/2024

Filíocht Ghearóid Mhic Lochlainn

Fionntán de Brún

Eolas beathaisnéise

Rugadh Gearóid Mac Lochlainn i 1966 i mBéal Feirste áit a raibh cónaí ar a mhuintir ag bun Bhóthar na bhFál, mar a bhfuair sé féin bunoideachas in Slate Street School. Nuair a bhí Gearóid seacht mbliana d'aois d'aistrigh muintir Mhic Lochlainn go heastát nua tithíochta ar imeall iarthar Bhéal Feirste, Twinbrook nó Cill Uaighe, mar a thugtar air fosta. Ba san eastát chéanna a bhí cónaí ar theaghlach Bobby Sands, an chéad stailceoir ocrais a fuair bás ar Stailc Ocrais 1981, rud a tharraing foirne teilifíse agus nuachtán as an uile chearn ar an cheantar lá an tórraimh, tórramh a choimhéad Gearóid Mac Lochlainn agus stócaigh eile ó dhíon bloic árasán. San am seo bhí Mac Lochlainn ag freastal ar Scoil Mhuire na mBráithre Críostaí, agus an Ghaeilge ina hábhar éigeantach aige sna chéad bhlianta (féach an dán 'First Steps', *ST:* 28). Chloígh Mac Lochlainn leis an Ghaeilge mar ábhar acadúil go dtí gur thosaigh sé ar chéim sna hEalaíona in Ollscoil na Banríona: 'Rinne mé staidéar ar an Ghaeilge sa chéad bhliain ach ansin thit mé amach […] Ábhar acadúil amháin a bhí ann agus bhí sé an-trom – ní raibh pléisiúr ar bith le baint as. Bhí suim agamsa sna hamhráin agus sa scéalaíocht, agus sa chraic i gCumann Chluain Ard' (in Armstrong 2003).

Ba i gCumann Chluain Ard (craobh de chuid Chonradh na Gaeilge) a chuir Gearóid eolas ceart ar thraidisiún amhránaíochta agus scéalaíochta na Gaeilge agus b'ann fosta a chuir sé aithne ar Liam Mac Carráin, athair an fhile Ciaran Carson, fear a raibh an-chlú scéalaíochta agus seanchais air. I ndiaidh dó céim a bhaint amach sa Bhéarla agus san Fhealsúnacht Scolártha i 1991, chaith Mac Lochlainn seal an-ghairid le múinteoireacht. Chrom sé ina dhiaidh sin ar an scríbhneoireacht chruthaitheach agus ar an cheol, é ina

bhall den chéad ghrúpa Reggae Gaelach, 'Bréag', a bhunaigh sé i gcuideachta triúir as Gaeltacht uirbeach Bhóthar Seoigh, Béal Feirste. Meascán de dhánta agus d'ealaín s'aige féin a bhí sa chéad chnuasach filíochta a d'fhoilsigh sé, *Babylon Gaeilgeoir* (1997) agus tréith a bhí sa tsintéis sin a lean sé ina dhiaidh sin. Leath clú shaothar Mhic Lochlainn diaidh ar ndiaidh agus tháinig trí chnuasach filíochta uaidh ó shin: *Na Scéalaithe* (1999), *Sruth Teangacha-Stream of Tongues* (2002) agus *Rakish Paddy Blues* (2004). Bhí sé seal ina scríbhneoir cónaitheach in Ollscoil Uladh agus Ollscoil na Banríona agus seal ina chraoltóir ag an BBC. Bronnadh go leor gradam ar a shaothar filíochta, ina measc sin Gradam Filíochta Michael Hartnett (2002), Gradam Butler an Fhorais Chultúir Ghael-Mheiriceánaigh (2002), Gradam Litríochta Open House, agus Gradam Rupert agus Eithne Strong (2003). Tá cónaí air go fóill i mBéal Feirste.

Cúrsaí polaitíochta

Mar a pléadh cheana, tháinig Mac Lochlainn ar an saol i mBéal Feirste i 1966, bliain sular bunaíodh Cumann Chearta Sibhialta Thuaisceart Éireann. Ní miste an dá phíosa eolais sin a lua le chéile nó tháinig 'Trioblóidí' an tuaiscirt sna sála ar fheachtas na gceart sibhialta agus ní raibh aon mhaolú ceart ar na Trioblóidí céanna go ceann cúig bliana is fiche ina dhiaidh. Mar sin de, an té a tógadh in iarthar Bhéal Feirste sa tréimhse a lean feachtas na gceart sibhialta, b'iontach mura mbeadh taithí na dTrioblóidí ar na nithe is mó a chuaigh i bhfeidhm air. Seo mar a mhíníonn Mac Lochlainn an scéal é féin:

> Politics was everywhere when I was growing up. The feud between the official IRA and the Provisional IRA that occurred in the early 1970s, deeply disrupted the whole lower Falls Road community and split families and friends. Then, there were riots, pogroms, strikes, bombs, assassinations, discriminations, the Civil Rights Movement, The Hunger Strikes, the British Army on the streets and 100 other things… That was

> Belfast growing up. A city saturated in politics, revolution, ideas, censorship, state repression. (in Crowe 2003)

Ina ainneoin sin is uile, áfach, deir Mac Lochlainn go raibh an ceol agus an fhilíocht le fáil i rith an ama, agus gurbh é an ceol an chomaoin is mó a d'fhág muintir a athar air. Tá tábhacht ar leith, mar sin, ag timpeallacht na dTrioblóidí agus ag teanga an cheoil i dtionscnamh filíochta Ghearóid Mhic Lochlainn. Tá iarracht ina shaothar fosta ar theorainneacha a thrasnú agus ar shintéis a chruthú áit a mbíonn scaradh agus deighilt. Is spéis leis, mar shampla, sintéis a dhéanamh idir filíocht agus ceol, idir an focal scríofa agus an focal labhartha. Lena chois sin, tá dáimh as cuimse ag Mac Lochlainn le cultúr an radacachais, go háirithe cultúr radacach na n-óg, agus le ciníocha agus pobail a ndearnadh leatrom stairiúil orthu. Ina dhiaidh sin, is é a dhícheall i gcónaí é aghaidh a thabhairt ar an saol mar atá sé anois agus ar an éagóir mar a bhfuil sí anois. Is é a chuirim romham san alt seo, mar sin, intreoir a thabhairt ar shaothar filíochta Ghearóid Mhic Lochlainn agus na buntéamaí áirithe sin ar intinn agam, iarmhairtí na dTrioblóidí, oidhreacht agus cumhacht an cheoil, an trasnú teorainneacha agus an tsintéis, cultúr an radacachais agus an glór freasúrach fíréanta.

Ar ndóigh, ní i saothar Mhic Lochlainn amháin atá léargas le fáil againn ar imeachtaí agus iarmhairtí na dTrioblóidí, is liosta le háireamh na scríbhneoirí, gan trácht ar iriseoirí agus ar stiúrthóirí scannán, a rinne spíonadh ar an scéal. Is cuid de bhua Mhic Lochlainn go dtig leis tabhairt faoi ábhar a bhfuil oiread cluinte agus feicthe againn faoi gur doiligh anois aithint idir an íomhá agus an fhírinne. Is minic a luaitear an idirghabháil seo a bhí le déanamh ag ealaíontóirí le linn na dTrioblóidí, idir an fhírinne agus an íomhá, nó idir leagan duine nó dream amháin ar an fhírinne agus an leagan a bhí ag duine nó ag dream eile. San óráid a thug an file Séamus Heaney nuair a bronnadh duais litríochta Nobel air i 1995, labhair sé ar an dóigh ar fhoghlaim sé féin, agus é ag teacht aníos le linn an

dara cogadh domhanda, le hidirdhealú a dhéanamh idir fuaimeanna agus glórtha an bhaile agus teachtaireachtaí agus glórtha éagsúla an raidió a dhéanadh a mbealach isteach go teach a mhuintire agus a intinn féin:

> Without needing to be theoretically instructed, consciousness quickly realizes that it is the site of variously contending discourses. The child in the bedroom, listening simultaneously to the domestic idiom of his Irish home and the official idioms of the British broadcaster while picking up from behind both the signals of some other distress, that child was already being schooled for the complexities of his adult predicament, a future where he would have to adjudicate among promptings variously ethical, aesthetical, moral, political, metrical, sceptical, cultural, topical, typical, post-colonial and, taken all together, simply impossible. (Heaney 1998: 451-2)

Dar le Heaney gur mhaith an oiliúint aige é sin agus é ina fhear déanta, nuair a bhí aige le haithint idir na héilimh éagsúla a bhí air, nó mar a deir sé féin: '…having to conduct oneself as a poet in a situation of ongoing political violence and public expectation. A public expectation, it has to be said, not of poetry as such but of political positions variously approvable by mutually disapproving groups' (Heaney 1998: 451). Ar ndóigh, b'fhile é Heaney a raibh clú idirnáisiúnta air agus pobal náisiúnta agus idirnáisiúnta léitheoirí ag fanacht lena thuairim agus dá mhéad líon na léitheoirí is ea is troime an 'tsúilíocht phoiblí'. Ina dhiaidh sin, d'fhéadfá a rá gur aithin Mac Lochlainn an tsáinn chéanna mar fhile a bhí beo sa Tuaisceart in aimsir na dTrioblóidí ach gur seasamh eile ar fad a ghlac sé, is é sin gur mheas sé gur chóir dó dul i ngleic leis an pholaitíocht seachas bheith neodrach:

> What is a poet if he's hiding behind his own creations, playing the ambiguity game and never coming clean on central issues. It's that old 'whatever you say, say nothing' routine that Seamus Heaney captured so well but while he still succeeded in saying nothing. He carefully avoids this in his work for fear of the Republican label that could be affixed to

> an Irish writer who simply tells the truth from their point of view. (in Crowe 2003)

Ní Mac Lochlainn ba thúisce a fuair an locht sin ar Heaney agus ní gach duine a d'aontódh lena thuairim (féach, mar shampla, Fennell 1991). Mar sin féin, is léir go raibh an tuiscint chéanna ag Heaney agus ag Mac Lochlainn ar dhálaí an ealaíontóra le linn na dTrioblóidí murab ionann an freagra a thug siad orthu. Dar leat i gcás Heaney go raibh rogha aige bheith oibiachtúil agus fanacht amach beagán ó na Trioblóidí, sa mhéid gur bhain sé leis an ghlúin a bhí ina ndaoine fásta nuair a thosaigh na Trioblóidí agus a raibh cuimhne acu ar an saol mar a bhí (bhí Heaney tríocha bliain d'aois i 1969). Baineann Gearóid Mac Lochlainn leis an ghlúin daoine a tógadh leis na Trioblóidí agus nach raibh cuimhne acu ar leagan amach ar bith eile a bheith ar shaol an Tuaiscirt. Ba dhoiligh, ar an ábhar sin, ag macasamhail Mhic Lochlainn gan a bheith ag plé go díreach neamhbhalbh leis na Trioblóidí. Mar sin féin, murar mhair Mac Lochlainn agus lucht a chomhaoise sa ré sin roimh 1969, nuair a bhí cuma normálta ar shaol an Tuaiscirt (dá dhonacht an éagóir shibhialta a bhí ann), thuig siad ag teacht in aois dóibh nár shochaí normálta í sochaí Thuaisceart Éireann.

Is iomaí athrú a thug an choimhlint reatha ar shaol Bhéal Feirste agus ar bhailte eile an Tuaiscirt. Ina measc siúd bhí an t-athrú a tháinig ar an timpeallacht fhisiciúil. D'fheistigh agus mhúnlaigh arm na Breataine an timpeallacht a fuair siad i mbailte an Tuaiscirt d'fhonn coimhlint uirbeach a throid. Is minic a d'fhág an cóiriú úr seo dreach osréalach ar an timpeallacht fhisiciúil. Mar shampla, taobh amuigh de bheairicí bhíodh *dragons teeth* (bloic ollmhóra choincréite gearrtha ina dtriantáin go minic). Bhí, agus tá go fóill, ar a laghad dhá scór *peace wall/peace line* i mBéal Feirste (ballaí móra a tógadh idir ceantair Chaitliceacha agus ceantair Phrotastúnacha). Lena gcois sin, rinneadh túir choimhéadta áit a mbíodh pictiúrlanna nó foirgnimh phoiblí roimhe agus bhíodh héileacaptair ag dordán sa

spéir gan spás gan staonadh. Tá léiriú beag againn air sin sa dán 'Patról': 'Tá an oíche ag titim/ is roimh i bhfad/ beidh súil an tsolais chuardaigh/ ag ciorclú ina strób fadálach/ ina dioscó sráide' (ST: 102). Bhí a oiread súl ar dhaoine as ceamaraí folaithe, héileacaptair is uile, gur shamhlaigh an file Ciaran Carson Béal Feirste le príosún Victeoiriach a dtugtaí an *panopticon* air – príosún a bhféadfaí an uile phríosúnach a choimhéad gan fhios do na príosúnaigh (Carson 1989: 79).

Tugann Mac Lochlainn léargas grinn ar an timpeallacht osréalach sin sa dán 'Na Scéalaithe', an dán a thug teideal an chnuasaigh *Na Scéalaithe* (1999). Ó tharla fosta an dán áirithe sin a bheith ina intreoir an-mhaith ar thréithe agus ar théamaí lárnacha i saothar Mhic Lochlainn, ní miste scagadh a dhéanamh ar 'Na Scéalaithe' anois. Tosaíonn an dán leis an fhile ina theach cónaithe i 1998. Tá a mhac agus a chara i seomra eile ag imirt cluiche cogaidh ar an *Playstation*. Titeann an file i suan agus éiríonn a chorp in aisling 'ar eiteoga fíneálta snáthadánacha mo chuimhne/ ar foluain mar héileacaptar arm na Breataine/ thar shráideanna cúnga m'óige ar an eastát nua' (*ST:* 30). Filleann an file ar a óige féin in aimsir na dTrioblóidí, saol a bhí níos 'fíre' ar dhóigh amháin ná an scáileán teicnidhaite a bhfuil a mhac agus a chomrádaí sáite ann ach, ina dhiaidh sin, a raibh réaltacht aisteach osréalach ag baint leis féin a thug lón samhlaíochta don fhile agus dá chomrádaithe. Tá comharthaí sin na 'hosréaltachta' le feiceáil sa timpeallacht fhisiciúil: 'cnámharlaigh bhusanna Uladh, dóite amach/ ina luí mar chorpáin lofa eilifintí brónacha/ a chuaigh ar strae san oíche ar na bóithre dorcha' (34). Saol é seo atá lán mistéire, gineann an timpeallacht osréalach stór fairsing finscéalta ionas gur 'finscéalaithe' iad na páistí féin 'lenár scéalta leathfhíor, leathchumtha – ár gcuid scéalta cogaidh' (30). Arís, is doiligh aithint idir an fhírinne agus an íomhá – músclaíonn daoine ar maidin agus comharthaí na coimhlinte thart orthu: 'Ar maidin bhíodh na sráideanna líonta lán/ le *halfers agus*

hickers, buidéil bhriste, tinte beaga/ púcaí toite liatha, is scéalta, finscéalta/ ráflaí laochra sráide, luaithríona, cumhracht pheitril is rubar dóite' (34), ach ní fios go díreach cad é a tharla nuair atá púcaí, finscéalta nó ráflaí agus luaithríona i measc fhianaise chrua na coimhlinte. Is amhlaidh is saibhride an fhinscéalaíocht a phléitear faoi lampa briste na sráide:

> Anseo a phléigh muid an t-óglach síoraí
> in áiléar tí feirme folamh ar imeall an eastáit,
> ag déanamh féasta ar luchóga móra is uibheacha dreoilín,
> nó ina luí mar mharbhán, curtha le trí lá
> i gcónra urlár adhmaid comharsan ciúine,
> gan bhíog as.
> Iógaí poblachtach. (*ST:* 30)

Tá a oiread finscéalta ann – ina measc sin an saighdiúr a chaill poill a shróine nuair a chuir sé boladh bláthanna i bPáirc an bhFál – go mbíonn cumhacht ar leith ag comharthaí intadhaill na coimhlinte: '…poill philéar úra sna brící meirgrua/ inar shleamhnaigh muid méara faiteacha,/ mar a dhéanfaí ar thaisí naofa/ as a dtiocfadh ádh is dea-rudaí dúinn' (32).

Is léir, mar sin, gur chothaigh an timpeallacht osréalach leathfhíor rófhíor seo samhlaíocht an fhile agus a chuid comrádaithe, agus tugann Mac Lochlainn an-léargas dúinn ar an dóigh a ndeachaigh páistí i ngleic le saol a bhí bunoscionn ag coimhlint. Le cois an mhéid sin, áfach, tá téad eile le sonrú ar 'Na Scéalaithe' a bhaineann le téamaí uilíocha, mar atá, peirspictíocht na hóige agus an saol comhaimseartha. Is minic scríbhneoirí agus ealaíontóirí ag amharc ar imeachtaí trí shúile páiste. Seift í a cheadaíonn radharc neamhchlaonta neamhchiontach i measc rudaí eile. Ní hiontas, mar sin, go bhfeicimid na Trioblóidí trí shúile páiste sa scannán *Mickybo and Me* (2004) nó sa dráma *Belfast Blues* (2003), mar shampla, nó is fusa ar an dóigh sin cuma na hoibiachtúlachta a chur ar an insint. Is é is spéisiúla faoi pheirspictíocht an pháiste i ndán seo Ghearóid

Mhic Lochlainn, áfach, go gcaitheann sé solas ann ar an dóigh a dtuigimid an óige sa lá atá inniu ann agus ar an eagla a bhíonn ar dhaoine nach bhfaighidh páistí eispéaras ceart fíor na hóige agus muid faoi smacht ag teicneolaíocht a dhéanann gach rud dúinn ionas nach gá do pháistí an teach a fhágáil choíche fhad is atá a gcuid gaireas leictreonach acu. Cé go n-insítear dúinn ag tús 'Na Scéalaithe' gur 'oíche bháistí' atá ann agus na páistí ag imirt cluiche leictreonach Playstation, ní fhéadfá gan sonrú a chur sa chodarsnacht atá idir caitheamh aimsire pháistí 1998 agus caitheamh aimsire an fhile ina óige: físchluichí leictreonacha taobh le cluichí traidisiúnta sráide *('Rap the Doors* nó *Kick the Tin')* agus scéalaíocht faoi 'lampa sráide briste'. Nuair a chuirtear caitheamh aimsire an dá ghlúin i gcomórtas le chéile ar an dóigh seo, ní hiontas go dtuigfidh an léitheoir gur boichte páistí 1998 gan an lón samhlaíochta agus an scéalaíocht bheo acu a bhí ag páistí na 1970í agus 1980í.

Mar sin féin, cé nach mbíodh iomrá ar *Playstation* ina óige féin insíonn Mac Lochlainn dúinn go mbíodh sé féin agus a chairde faoi dhraíocht 'os comhair doras draíochta na teilifíse' agus go ndearna siad féin laochra de charachtair shamhlaitheacha an scáileáin – Kunta Kinte, Kung Fú Cain agus a leithéid – mórán mar a bhíonn 'teicneo-laochra aeir' i scáileán an *Playstation*. Míníonn an file ina dhiaidh sin, áfach, go bhfuair sé féin agus a chomrádaithe 'laochra níos cóngaraí don bhaile', mar atá, na stailceoirí ocrais – suaitheantais ar a raibh aghaidheanna na stailceoirí á mbailiú agus á marlartú acu agus 'ár dtáblaí iarscoile,' dátaí báis na stailceoirí, á gcur de ghlanmheabhair acu. Is é an difear idir 'scéalaithe' óga na dTrioblóidí agus glúin an Playstation gur laochra fíora beo atá sna stailceoirí ocrais (go fiú i ndiaidh a mbáis) ach gur laochra saorga bréagacha, 'teicneo-laochra aeir,' atá ag páistí 1998. Is daoine de chuid na háite iad na stailceoirí ocrais, as an eastát céanna tithíochta leis an fhile é Bobby Sands. Ní laochra áitiúla iad leithéidí *Super*

Mario Brothers agus *Sonic the Hedgehog,* ach táirgí saorga domhanda.

Feiniméan é seo a luaitear go minic leis an aois ina mairimid anois, ré an 'iarnua-aoiseachais' agus an domhandaithe, nuair atá meath ar an cheangal dhíreach leanúnach a bhí idir duine agus a áit dúchais, a chomharsana, an stair agus an timpeallacht féin. Le fás an domhandaithe, fás na teicneolaíochta faisnéise agus na meán cumarsáide, is minic a mhothaíonn daoine nach bhfuil an saol anois chomh 'fíor' gan na ceangail sin idir an duine agus a phobal nó a thimpeallacht a bhíodh ann roimhe. Áit a ndéantaí talamh slán den 'réaltacht' tráth, tá againn anois leis an réaltacht a insamhlú trí 'theilifís na réaltachta' nó 'réaltacht fhíorúil' *(virtual reality).* Áit a mbíodh daoine clúiteach as a gcuid gníomhartha tráth, is féidir anois a bheith clúiteach as a bheith clúiteach; áit a mbíodh páistí ag imirt cluichí fisiciúla ar an tsráid tráth (*Kick the Tin* agus a leithéid), bíonn siad anois ag imirt cluichí ar scáileán. Tá cuid mhór scríofa ag Jean Baudrillard faoi seo, an smaointeoir ar spreag a shaothar an tsraith scannán *The Matrix,* go háirithe sa leabhar *Simulacra and Simulation* (1994). Pléann sé an meath atá ar an domhan fíor agus an bua atá ag an saol insamhlaithe saorga air sin. Is den íoróin é go raibh Baudrillard ag scríobh faoi seo i 1981, bliain na Stailce Ocrais, nó is é rud a chuir na Trioblóidí moill ar chuid de phróiseas an domhandaithe. Má bhí laochra insamhlaithe teilifíse ag Gearóid Mac Lochlainn agus ag a chomrádaithe, bhí laochra fíora áitiúla acu fosta agus in áit 'mionphléascáin' a bheith acu ón *Playstation* bhí siad eolach ar 'chastachtaí cruálacha buamaí' (34).

Is é an saol fíor láithreach intadhaill seo a bhí ann in aimsir na dTrioblóidí is ábhar do dheireadh an dáin 'Póit' (*ST:* 112). An fear óg atá ina luí agus póit air, tá sé céasta ag díchuimhne agus éiginnteacht na hoíche aréir. Is é an tslí atá aige éalú ón éiginnteacht ná an raidió a chur ar obair le fáil amach 'cé a maraíodh san oíche' (112). Gan amhras, bhí cinnteacht agus fírinne dhoshéanta i

bhforéigean na dTrioblóidí ach, mar sin féin, bhí go leor a bhí éiginnte agus bréagach faoin dóigh ar tuairiscíodh imeachtaí na dTrioblóidí. Is chuige sin a luann Mac Lochlainn an chinsireacht le Béal Feirste a óige, san athfhriotal atá ag ceann an ailt seo. Má mhúnlaigh arm na Breataine an timpeallacht fhisiciúil de réir a gcuid riachtanas míleata, mhúnlaigh rialtas na Breataine (agus go pointe áirithe na Poblachtóirí agus eile) tuairisciú na nuachta de réir a gcuid riachtanas polaitiúil. Sa deireadh thiar bhí níos mó tábhacht leis an *dóigh* ar tuairiscíodh na Trioblóidí sna meáin ná na Trioblóidí féin. Bhí íomhá na bolscaireachta níos fíre mar sin ná an imeacht nó an gníomh féin. Ní hiontas gur scríobh Baudrillard cuntas ar an fheiniméan chéanna, an cogadh a dhéantar trí na meáin chumarsáide, faoin teideal íorónta *The Gulf War did not Take Place* (1995).

Is pointe tábhachtach é, an íomhá chlaonta ag fáil treise ar an ghníomh, dar liom, a chuidíonn linn saothar Mhic Lochlainn a thuiscint nó is téad reatha ina shaothar an t-amhras a bhíonn air faoin fhírinne atá i dtéacs ar bith agus an aird atá aige, ina áit sin, ar an cheart atá i leaganacha éagsúla de théacs. Feictear sin go soiléir sna tuairimí atá aige ar an aistriúchán liteartha agus ar an ghá a chreideann sé a bheith le saoirse mhór a cheadú ansin. Tá sé le feiceáil fosta san amhras a bhíonn air faoin téacs féin mar mheán agus an tréaniarracht a dhéanann sé sintéis a dhéanamh le meáin eile, ceol agus ealaín ach go háirithe, len é féin a chur in iúl. Is é atá uaidh, mar a deir Rióna Ní Fhrighil (2009), ná an bonn a bhaint 'den cheangal cliarlathach idir an focal scríofa agus an focal labhartha a rianaíonn Walter Ong ina leabhar *Orality and Literacy* (1982)'. Lena chois sin, tá iarmhairtí chogadh bolscaireachta na dTrioblóidí le sonrú sa dáimh a bhíonn ag Gearóid Mac Lochlainn leis an duine, dream nó cine nach bhfuair a gceart riamh agus nár insíodh a scéal mar is ceart. Ba mhaith liom trácht ar na gnéithe sin de shaothar Ghearóid Mhic Lochlainn anois.

Sa chéad chnuasach sin, *Babylon Gaeilgeoir* (1997), a bhfuil cuid dá dhánta i gcló in *Sruth Teangacha* (2002), is léir dúinn an dáimh atá ag Mac Lochlainn le Lakota Sioux Mheiriceá agus le laoch mór dá gcuid siúd, Crazy Horse (1840-1877). Chaith an file seal in North Dakota leis na Lakota Sioux agus rinne clár raidió do BBC thall. Is minic nótaí le dánta Mhic Lochlainn ina chuid cnuasach agus is suimiúil na nótaí a thagann roimh an tsraith dánta ar 'Crazy Horse' in *Babylon Gaeilgeoir:* 'Crazy Horse is not a thing for the page and the written word. It is more of a ceremony. The poems are usually performed in a ritual context with song, chant, dance, fire, body and spirit' (12). Is é atá i gceist anseo nach féidir a cheart a thabhairt do Crazy Horse ar leathanach nó nach féidir é a cheansú ná teorainn a chur leis. Tá cruthú eile ar an spiorad neamhspleách éalaitheach sin atá in Crazy Horse san eipeagraf as leabhar staire atá leis an dán 'Crazy Horse ag damhsa', áit a ndeirtear nach bhfuarthas aon ghrianghraf fíordheimhnithe de Crazy Horse riamh, nó mar a deir Mac Lochlainn: 'is ní féidir cime grianghraif/ a dhéanamh de' (ST: 170).

An bhá sin le ciníocha agus náisiúin a ndearnadh ionradh agus coilíniú orthu, tá sé le feiceáil fosta sa dáimh atá ag Mac Lochlainn ina shaothar le Reggae agus *Rastafarianism* Iamáice. Sa dán 'Paddy' (*ST:* 78-82), mar shampla, tugtar léiriú paiteanta ar sháinn an imircigh as Éirinn i Londain: 'Cathair chruálach a chreimeann croí Éireannach/ Croí Iamácach, croí Indiach' (80). Is suimiúil an méid a deir an file linn sna nótaí a théann le taifeadadh an dáin, áit a ndeir sé gur 'tháinig síolta an dáin seo ó mhachnamh a rinne mé ar bhás carad, seal a chaith mé ag sclábhaíocht i Londain is dhá dhán eile: 'London' le William Blake is 'Inglan is a Bitch' le Linton Kwesi Johnson' (*ST:* 194). File mór Sasanach de chuid thraidisiún an Rómánsachais ba ea William Blake (1757-1827); file *dub* (filíocht Iamáiceach a aithristear beo, in amanna le ceol) de chuid Iamáice é Johnson a rugadh i 1952. Baineann dánta na beirte sin a luann Mac Lochlainn le héagóir shaol Londan, ach is láidre an blas a fhágann

dán fhile Iamáice ar dhán Ghearóid Mhic Lochlainn agus is dlúithe an dáimh atá aige leis.

Caoineadh is ea an dán 'Paddy' ar dhuine óg a fuair bás agus a bhíodh ina dheoraí i Londain, dála an fhile. Rianaíonn Mac Lochlainn tréithe Phaddy – an duine féin dúinn, ach lena chois sin, tá léiriú sa dán seo ar an drochíde a thugtar d'imircigh as na coilíneachtaí éagsúla (Éire, Iamáice, an India) a thagann a chuardach fostaíochta i 'máthairchathair' na himpireachta: 'Londain thall/ Súil na himpireachta/ Seanbhitseach sheargtha na gcíoch searbh' (ST: 80). Is íorónta mar a bhaineann imircigh na gcoilíneachtaí príomhchathair na himpireachta amach nó taoscann an ardchathair an fhuil as croí na n-imirceach go díreach mar a thaosc an impireacht maoin agus acmhainní a dtíortha dúchais: 'Seanbhitseach starrfhiaclach/ ag súmaireacht ar fhuil an deoraí/ faoi ghealacha *neon*acha' (*ST:* 80). Má tháinig Pádaí anall ina dhuine ann féin a raibh pearsantacht agus féiniúlacht dá chuid féin aige, caitear leis mar 'Phádaí' i Londain – leasainm ginearálta é 'Pádaí' a thugtar ar Éireannaigh – ionas go súitear a fhéiniúlacht uathúil féin as: 'Seanbhitseach shnoite/ a chreim do chroí Feirsteach amach/ gur fágadh thú i do phuipéad. *Pinocchio* teipthe' (*ST:* 80). Ag deireadh an dáin, tugann ceol Reggae as Iamáice sólás agus misneach don fhile, 'ag bleaistáil víbeanna/ a chuireann na cupáin ag rocáil ar an tseilf'. An glór freasúrach fíréanta sin, 'Briathra binne, beachta, cinnte/ don neamhdhuine ina luí i ndoras siopa i Londain thall/ Linton Kwesi Johnson ag ceol na fírinne', cuidíonn sé sin leis an fhile féiniúlacht Phádaí a shábháil agus a chur 'i dteach slán na cuimhne' (*ST:* 82). Tá comhthéacs na habairte 'teach slán', 'safe-house', tábhachtach ann féin, sa mhéid gur tithe iad na 'tithe slána' a mbíodh paraimíleataigh ar a seachaint iontu in aimsir na dTrioblóidí, nasc eile leis an choimhlint. Fágtar focal scoir an dáin ag an fhile Iamácach: *'Inglin is a bitch/ dere's no escapin' it'* (*ST:* 82). Díol spéise é an 'réiteach' a fhaigheann Mac Lochlainn i bhfocail

fhile Iamáice agus i ngníomh na cuimhne féin nó tá tábhacht ar leith ag an chuimhne i ndioscúrsa an iarchoilíneachais, go háirithe úsáid na cuimhne mar uirlis le stair agus cultúr coiscthe a athghabháil. (Féach, mar shampla, Whelan 2003)

Athghabháil is bonn le cuid mhaith de cheathrú cnuasach Ghearóid Mhic Lochlainn, *Rakish Paddy Blues* (2004), sa mhéid go ndéantar ceiliúradh beo uileghabhálach ann ar thraidisiún ceoil lucht siúil na hÉireann, traidisiún nár ligeadh a fhorbairt cheart nádúrtha leis. 'Togra comóraidh' é *Rakish Paddy Blues,* i bhfocail Ní Fhrighil (2005), sintéis é ina bhfuil filíocht Mhic Lochlainn (téacs agus taifead fuaime), pictiúir (le John B. Vallely) agus píobaireacht (le Jarlath Henderson ar dhlúthdhiosca an leabhair). Arís eile, d'aithneofá an bhá ghaoil atá ag Mac Lochlainn leis an té a ndearnadh leatrom agus leithcheal air. Má rinneadh 'neamhdhuine' de Phádaí i Londain, imríodh feall ar lucht siúil na hÉireann ina dtír féin in aimsir an tSaorstáit, feall ar gheall le cinedhíothú cultúrtha é i bhfocail John B. Vallely, i réamhrá *Rakish Paddy Blues,* sa mhéid gur scaipeadh an traidisiún ársa ceoil a raibh an lucht siúil ina gcaomhnóirí air: 'In a few decades the last of those distinguished musicians and singers were put off the road and in many cases out of the country. The civil authorities were ably aided and abetted by the clerical authorities in this blatant act of cultural ostracism' (*RPB:* 5). Treisíonn Mac Lochlainn an tráchtaireacht sin ina réamhrá siúd: 'I became aware that some of the work had become very 'dark'; partly due to some of the disturbing discoveries I made as I researched Traveller history and culture and partly due to personal circumstances and events' (*RPB:* 9).

Cúrsaí aistriúcháin

Tá an-léiriú agus forás le sonrú in *Rakish Paddy Blues* ar an tsintéis agus ar chur chuige an aistriúcháin i saothar Mhic Lochlainn. Is annamh gan 'ceist an aistriúcháin' a bheith ar na gaobhair i

gcnuasach ar bith de chuid Ghearóid Mhic Lochlainn. Tugann sé míniú cuimsitheach ar sháinn an aistriúcháin liteartha, mar a thuigtear dó é, sna nótaí atá ag deireadh *Sruth Teangacha* áit a luann sé '*Catch-22* na n-aistriúchán'. Tuigeann an file gur slí riachtanach chumarsáide atá san aistriúchán ina gcaillfear cuid mhaith dá theachtaireacht – 'an cailleadh ceoil a thagann le haistriúchán' (*ST:* 186). Is mar gheall ar an tuiscint sin ar uireasa an aistriúcháin liteartha a éilíonn an file cur chuige nua a bhfuil saoirse chruthaitheach áirithe ag baint leis amhail 'seiftiú' an snagcheoil: 'I have tried to extend the cover version analogy … treating the 'translation' as focused improvisation around given motifs' (*ST:* 187). Dar leat gur leasú beag eile ar an seiftiú sin atá aimsithe aige in *Rakish Paddy Blues:*

> Only a few of the poems in Rakish Paddy involve 'translations' (of a kind). The bulk of the English poems are not 'translations' at all; but rather, 'continuations' of a theme; or; 'extrapolations or modulations' around a tune, an air, a song or a vibration in my head. At times, the lines, words or phrases came to me in Irish first and, at other times, in English. Sometimes, bits of both came simultaneously, or almost. (These were the hard times). (*RPB:* 13)

Is próiseas é sin a thabharfadh dánta Gaeilge/Béarla Michael Hartnett in *A Necklace of Wrens* (1987) i do cheann. Is gnách nach féidir dánta sin Hartnett a léamh i dteanga amháin gan an dán 'céanna' sa teanga eile a léamh leis. Níl aon fhoirmle le brath agus ní bhíonn údarás ag teanga amháin thar theanga eile ann de ghnáth. Tá sampla maith den tréith sin sna dánta 'Cúlú Íde', 'The Retreat of Ita Cagney' (Hartnett 1987: 46-61), mar a bhfuil ciall na hiomláine ag brath ar shintéis nach féidir a chur i gcrích gan an dá dhán a léamh i gcuideachta a chéile. Leagan amach é seo atá gaolmhar go maith don chur chuige a mhíníonn Mac Lochlainn thuas, is é sin nach aistriúchán a bhí aige den chuid is mó ach 'continuations of a theme'. Ní taisme é an ceangal seo a mhothófá idir Mac Lochlainn agus Michael Hartnett i gcúrsaí aistriúcháin, nó b'fhile é Hartnett a

chaith a dhúthracht leis an aistriúchán liteartha, aistriúcháin ó Ghaeilge go Béarla, agus ó réimse fhairsing teangacha eile go Béarla. Ina cheann sin, b'fhile dátheangach Gaeilge/Béarla é Hartnett nár aithin deighilt ar bith idir an dá theanga sin i bpróiseas na cumadóireachta. Ní hiontas mar sin gur fada Mac Lochlainn ag maíomh dáimhe le Hartnett. Tá líne chlúiteach as dán le Michael Hartnett mar eipeagraf leis an dán 'Aistriúcháin': 'The act of poetry is a rebel act' (*ST:* 62). Dearbhaíonn Mac Lochlainn an chomaoin a d'fhág an líne sin agus an té a scríobh í air:

> This single line, alone, moved me to begin writing in Irish only. Hartnett believed that writing in Irish at all is subversive and a political statement. Hartnett, for me, is the most important Irish writer since Joyce and more so since he wrote in Irish and English. He is tragically underestimated at times like Flann Ó Brien and Eoghan Ó Tuairisc who also moved between Irish and English. (in Crowe 2003)

Tábhacht na haithrise

Ní hé amháin go mbíonn *'Catch-22* na n-aistriúchán' ag déanamh mearbhaill do Ghearóid Mac Lochlainn, luadh cheana san alt seo an t-amhras a bhíonn air faoin téacs féin mar mheán agus an gá a fheiceann sé le sintéis a dhéanamh le meáin eile, ceol agus ealaín go háirithe. Tugann sé míniú air sin in *Rakish Paddy Blues:* '"Text-bound" poetry, framed with punctuation and its "static" conventions and standards, places limits on our understanding and experience and is often doubly limited by the reader's own "training", their cultural background and worldview' (*RPB:* 102). Arís eile, d'fhéadfá an t-amhras sin faoi iontaofacht aon mheáin amháin a chur síos don mhífhaisnéis a bhaineann leis na meáin chumarsáide, go háirithe agus iad ag plé leis na Trioblóidí. Ach in ainneoin a amhrais, ní obann Mac Lochlainn roimh an dúshlán agus éiríonn leis teanga an cheoil, lena frásaíocht, a modhnú, a rithimí agus a ruthaig liodánacha a thabhairt slán leis sna dánta. Cá hionadh, mar sin, gur cantaireacht liodánach an chéad líne sa chéad dán, 'An Damhsa':

Ó dhubh go dubh, ó dhubh go dubh, ó dhubh go dubh go dubh/
Ó ghuth go guth, ó ghuth go guth, ó ghuth go guth go guth. (*RPB:* 16)

Tuigimid ón tús mar sin gur gá na dánta seo a chluinstin agus nach bhfuil sa téacs ach taifead den léiriú béil. Is chuige sin fosta a thugtar cóip de théacs na ndánta le nótaí pinn sa mhullach orthu agus sna ciumhaiseanna, mar dhearbhú eile ar uireasa an téacs chríochnaithe a cheileann próiseas cuimsitheach na cumadóireachta ar an léitheoir. Ní dhéanfar cime grianghraif de dhán Mhic Lochlainn ach oiread le Crazy Horse.

Conclúid

Is mithid anois trácht ar uireasa mo théacs féin. Tá go leor eile le rá faoi shaothar Ghearóid Mhic Lochlainn nár dúradh san alt intreorach seo. Mar shampla, cé hé agus cén fheidhm atá leis an charachtar 'mo chara' a bhfuil sraith dánta faoi in *Sruth Teangacha?* Cén chomaoin a d'fhág saothar Ciaran Carson, cultúr agus litríocht na *Beat poets,* traidisiún na n-amhrán macarónach, na lúibíní, agus fiche rud eile ar shaothar Mhic Lochlainn? Tá fónamh mór sna hailt léirmheasa a luaitear thíos mar fhuascailt ar chuid de na ceisteanna sin agus ar nithe eile nach iad.

Is minic a luaitear filíocht taibhiúcháin *(performance poetry)* le Gearóid Mac Lochlainn agus ní dócha go séanfadh sé féin an lipéad sin. Is go fonnmhar fáilteach a mhaíonn sé gaol le hamhránaíocht ar an sean-nós, reggae, *dub, hip-hop* agus traidisiúin eile ina ndéantar ceol agus filíocht a léiriú beo i gcuideachta a chéile. Is den riachtanas an tsintéis, dar leis, áit a mbíonn an deighilt saorga mínádúrtha. Tá léiriú beag ar an chlaonadh sin sa mhéid a deir sé in agallamh a thug sé le linn 'shéasúr máirseála' an Tuaiscirt: 'Even during this time of year I travel all over Belfast by bicycle and refuse to take 'safe' routes that avoid 'trouble spots'' (in Crowe 2003). File é Gearóid Mac Lochlainn nach ngéilleann do chuimsí ná do chúinsí, ach ar mian leis a dhán a chur i gcionn an tsaoil mhóir i dtólamh. Ba é a dúirt

Adrian Mitchell, duine de cheannródaithe na filíochta taibhiúcháin, tráth: 'Most people ignore poetry because poetry ignores most people'. Is freagra beo doshéanta ar an ráiteas sin filíocht neamhghéilliúil uileghabhálach Mhic Lochlainn.

Noda do shaothar le Gearóid Mac Lochlainn

Cnuasaigh Ghaeilge:

BG *Babylon Gaeilgeoir.* 1997. Béal Feirste, An Clochán.
NS *Na Scéalaithe.* 1999. Baile Átha Cliath, Coiscéim.

Cnuasaigh dhátheangacha:

ST *Sruth Teangacha/Stream of Tongues.* 2002. Indreabhán, Cló Iar-Chonnachta.
RPB *Rakish Paddy Blues.* 2004. Bangor.

Saothair a ceadaíodh:

Armstrong, R. 2003. 'Agallamh Beo: Gearóid Mac Lochlainn', *Beo* (Meán Fómhair).
Ar-líne ag: *http://www.beo.ie/index.php?page=archive_content&archive_id=979*
[Léite 6 Aibreán 2009]
Baudrillard, J. 1981. *Simulacres et Simulation.* Éditions Galilée [1994. *Simulacra and Simulation.* Sheila Faria Glaser (trans.), Ann Arbor, University of Michigan Press].
Baudrillard, J. 1995. *The Gulf War did not Take Place.* Paul Patton (trans.), Bloomington, IN, Indiana University Press.
Carson, C. 1989. *Belfast Confetti.* Meath, Gallery Press.
Crowe, T.R. 2003. 'Speaking in Tongues: an interview with Belfast poet Gearóid Mac Lochlainn', *Asheville Poetry Review* 10(1). Ar-líne ag:
http://www.ashevillereview.com/v10n1/Interview_Mac_Lochlainn.php
[Léadh 6 Aibreán 2009]
Heaney, S. 1998. 'Crediting Poetry' in *Opened Ground – Poems 1966-1996.* London, Faber & Faber, 445-67.
Mac Póilin, A. 2003. 'Irish language writing in Belfast after 1900' in N. Allen and A. Kelly (eds.), *The Cities of Belfast.* Dublin, Four Courts Press, 127-51.
Ní Fhrighil, R. 2005. Léirmheas ar *Rakish Paddy Blues, Foinse,* 16 Eanáir.
Ní Fhrighil, R. (2009). 'Ó Dhónall na Gréine go Sideshow Bob: Filíocht na Gaeilge faoi chló an Bhéarla' in M. Mac Craith & P. Ó Héalaí (eag.) *Diasa*

Díograise. Indreabhán, Cló Iar-Chonnachta, 189-210.
O'Connor, L. 2009. 'Translation through the Macaronic: Gearóid Mac Lochlainn's *Sruth Teangacha/Stream of Tongues', New Hibernia Review/ Iris Éireannach Nua* 13(1) (Earrach/ Spring), 73-94.